2026/2085

21.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2085 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear síneadh le maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an gcorr gainimh (*Gymnammodytes cicerelus agus G. semisquamatus*) agus ar an mac siobháin (*Aphia minuta agus Crystallogobius linearis*) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (an Chatalóin)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Bealtaine 2014 ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 464/2014 ([2]) lena mbunaítear den chéad uair maolú ar Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 go dtí an 8 Bealtaine 2017 a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an gcorr gainimh (*Gymnammodytes cicerelus agus G. semisquamatus*) agus ar an mac siobháin trédhearcach (*Aphia minuta agus Crystallogobius linearis*) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (an Chatalóin). Deonaíodh roinnt síntí leis an maolú sin, agus deonaíodh an síneadh deireanach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2726 ón gCoimisiún ([3]), a chuaigh in éag an 2 Iúil 2026.

(2) An 16 Feabhra 2026 fuair an Coimisiún iarraidh ón Spáinn síneadh a chur leis an maolú sin. Sholáthair an Spáinn réasúnuithe eolaíocha agus teicniúla cothrom le dáta maidir lena hiarraidh, lena n-áirítear plean bainistíochta nua a glacadh an 29 Meitheamh 2026 ([4]), i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, agus tuarascáil maidir le faireachán agus cur chun feidhme an phlean bainistíochta, i gcomhréir le hAirteagal 13(9), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 agus Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(3) Le linn an 81ú seisiún iomlánach den Choiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) i mí an Mhárta 2026, rinne CETEI measúnú ar an iarraidh síneadh breise a chur leis an maolú agus rinne sé measúnú ar an tuarascáil cur chun feidhme agus faireacháin ([6]). Tháinig CETEI ar an gconclúid go n-áirítear sa dréachtphlean bainistíochta athbhreithnithe gnéithe iomchuí chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascach ‘Sonsera’ in uiscí na Catalóine agus go gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an maolú a dheonú.

([1]) IO L 409, 30.12.2006, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1967/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 464/2014 ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2014 lena maolaítear ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar an gcorr gainimh (Gymnammodytes cicerelus agus G. semisquamatus) agus ar an mac siobháin (Aphia minuta agus Crystalogobius linearis) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (an Chatalóin) (IO L 134, 7.5.2014, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/464/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2726 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear síneadh le maolú ar Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhfad íosta ón gcósta agus doimhneacht íosta na mara maidir le saighní báid lena ndéantar iascaireacht ar chorra gainimh (*Gymnammodytes cicerelus* agus *G. semisquamatus*) agus ar mhic shiobháin (*Aphia minuta* agus *Crystalogobius linearis*) in uiscí teorann áirithe de chuid na Spáinne (an Chatalóin) (IO L, 2024/2726, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2726/oj).

([4]) Orden ARP/123/2026, de 29 de junio, por la que se aprueba el Plan de gestión de la modalidad de la sonsera en el litoral catalán (2026-2029). *Diari Oficial de la Generalitat de Catalunya*, Núm. 9697 - 1.7.2026.

([5]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

([6]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf_plen_26-01.

(4) Comhlíonann an maolú a d'iarr an Spáinn na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(5) agus (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006. An síneadh leis an maolú a d'iarr an Spáinn, baineann sé le líon teoranta soitheach agus tá srianta sonracha tíreolaíochta ann, i bhfianaise mhéid theoranta na scairbhe ilchríochaí agus dháileadh spásúil an spriocspeicis araon, rudaí a chuireann teorainn leis na meánna.

(5) Ráthaítear leis an bplean bainistíochta nach dtiocfaidh méadú ar an iarracht iascaireachta amach anseo, ós rud é nach n-eiseofar údaruithe iascaireachta ach do 26 shoitheach iascaireachta ar a mhéad ar lú ná 10 méadar a bhfad foriomlán agus a bhfuil cumhacht innill is lú ná 75 kW acu.

(6) Thairis sin, baineann an iarraidh le gníomhaíochtaí iascaireachta atá údaraithe cheana ag an Spáinn, le haghaidh soithí atá cláraithe san áireamh muirí atá á bhainistiú ag Pobal Féinrialaitheach na Catalóine agus a bhfuil cuntas teiste acu san iascach ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana. Tá na soithí sin ar áireamh ar liosta a cuireadh in iúl don Choimisiún.

(7) Ní féidir tabhairt faoin iascach le trealaimh eile ós rud é nach bhfuil na saintréithe teicniúla is gá chun an cineál sin iascaigh a dhéanamh ach i saighní báid.

(8) Ní chuireann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann isteach ar threalaimh eile ach amháin tráil, saighní nó líonta tarraingthe dá samhail.

(9) Thairis sin, ní bhíonn aon tionchar mór ag an iascach ar an muirthimpeallacht, ós rud é gur trealaimh an-roghnaíoch iad na saighní báid agus nach mbíonn siad i dteagmháil le grinneall na farraige.

(10) Thairis sin, ní dhírítear ar cheifealapóid le saighní báid.

(11) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann ceanglais Airteagal 4(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, ós rud é nach n-oibríonn an t-iascach os cionn ceapacha féir mara, agus *Posidonia oceanica* go háirithe, ná os cionn fanaragaim mhuirí eile.

(12) Níl feidhm ag ceanglais Airteagal 8(1), pointe (h), de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, arna ionadú le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus le hIarscríbhinn IX, Cuid B, roinn 1, a ghabhann leis, ós rud é go mbaineann siad le trálaeir. D'údaraigh an Spáinn maolú ar an mogallmhéid íosta a leagadh síos in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ar bhonn chomhlíonadh cheanglais Airteagal 9(7) den Rialachán sin i bhfianaise chineál an-roghnaíoch an iascaigh lena mbaineann, i bhfianaise na héifeachta diomaibhsí atá aige ar an muirthimpeallacht agus toisc nach ndéanann forálacha Airteagal 4(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 difear dó.

(13) Cé gur scriosadh Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 le Rialachán (AE) 2019/1241, ceadaítear le hIarscríbhinn IX, Cuid B, pointe 4 a ghabhann leis an Rialachán sin gur féidir le maoluithe ar mhogallmhéideanna íosta leanúint d'fheidhm a bheith acu ar bhonn coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 15(5) den Rialachán sin. Maidir leis na maoluithe sin, bhí siad le bheith i bhfeidhm an 14 Lúnasa 2019, ní raibh meath ar na caighdeáin roghnaíochta le bheith mar thoradh orthu, go háirithe i dtéarmaí méadú ar ghabhálacha iasc óg, agus bhíothas le díriú leo ar na cuspóirí agus na spriocanna a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 den Rialachán sin a bhaint amach. Comhlíonann an síneadh a iarradh na coinníollacha dá dtagraítear.

(14) Déantar gníomhaíocht na saighní báid a rialú sa phlean bainistíochta chun a áirithiú gur fíorbheag iad gabhálacha na speiceas, seachas débhlaoscaigh, a luaitear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241.

(15) Comhlíonann na gníomhaíochtaí iascaireachta lena mbaineann na ceanglais taifeadta a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle ([7]).

(16) Bíonn an t-iascach lena mbaineann ar siúl ag fad an-ghearr ón gcósta agus, dá bhrí sin, ní chuireann sé isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta soithí eile.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj).

(17) Le plean bainistíochta na Spáinne, áirítear bearta maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, amhail dá bhforáiltear in Airteagal 13(9), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

(18) Dá bhrí sin, ba cheart an síneadh leis an maolú a iarradh a dheonú.

(19) Ba cheart teorainn le fad an mhaolaithe a thabhairt isteach, chun go mbeifear in ann bearta bainistíochta ceartaitheacha a dhéanamh go tapa i gcás ina léiríonn an faireachán ar an bplean bainistíochta go bhfuil drochstádas caomhantais ag an stoc saothraithe, agus raon feidhme á sholáthar an tráth céanna chun feabhas a chur ar an mbunús eolaíoch le plean bainistíochta feabhsaithe.

(20) Ós rud é go raibh feidhm ag an maolú a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2726 go dtí an 2 Iúil 2026, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 3 Iúil 2026 chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú.

(21) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(22) Tá an Rialachán seo gan dochar do sheasamh an Choimisiúin maidir le comhlíontacht na gníomhaíochta a chumhdaítear leis an maolú seo le reachtaíocht eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 92/43/CEE ón gComhairle ([8]).

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maolú

Ní bheidh feidhm ag Airteagal 13(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 in uiscí suas le 3 mhuirmhíle ó bhonnlínte atá faoi cheannasacht nó faoi dhlínse na Spáinne cóngarach do chósta réigiún na Catalóine maidir leis na saighní báid a úsáidtear chun iascaireacht a dhéanamh ar chorra gainimh (Gymnammodytes cicerelus agus G. semisquamatus) agus ar mhic shiobháin (Aphia minuta agus Crystallogobius linearis), ar choinníoll:

(a) go bhfuil na soithí sin cláraithe san áireamh muirí atá á bhainistiú ag Comhphobal Uathrialach na Catalóine;

(b) go bhfuil cuntas teiste san iascach ag na soithí ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana agus nach mbeidh aon mhéadú eile ar an iarracht iascaireachta a cuireadh in úsáid i gceist leo; agus

(c) go bhfuil údarú iascaireachta ag na soithí agus go bhfeidhmíonn siad faoin bplean bainistíochta a ghlac an Spáinn i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006.

Airteagal 2

Plean faireacháin agus tuairisciú

Déanfaidh an Spáinn tuarascáil arna tarraingt suas i gcomhréir leis an bplean faireacháin a bunaíodh sa phlean bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(c) a chur in iúl don Choimisiún den chéad uair faoin 2 Iúil 2027 agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin.

([8]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus tréimhse cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Iúil 2026 go dtí an 2 Iúil 2029.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN